Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 16

# An Oifig Luachála

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 ar thuarastail agus ar chostais na hOifige Luachála agus ar mhionseirbhísí áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá an Ráiteas um Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den Chuntas.

**Ráiteas um Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh chun feidhme na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Molann tuairisc an Ghrúpa Oibre faoi Chuntasacht na nArdrúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta go gcuirfeadh Oifigigh Cuntasaíochta faoi bhráid in éineacht lena gCuntais Leithreasa ráiteas tuairisciúil faoi rialuithe airgeadais inmheánaigh. Cuireann an tuairisc béim air gur próiseas leanúnach é feabhsú na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh agus aithnítear inti go bhfuil i gceist le lánsuiteáil córas cuimsitheach rialaithe clár oibre forbartha ilbhliantúil.

Agus an comhthéacs sin san áireamh, mar Oifigeach Cuntasaíochta aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go gcuirtear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh i bhfeidhm, agus go ndéantar é a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig Luachála. Cleachtaítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid dualgas eile mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar, go bhfuil na sócmhainní á gcumhdach, na hidirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil na hearráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Leanadh ar aghaidh le hobair threisithe na gcóras agus na rialuithe ar fud 2012.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- D’fheidhmigh Coiste Iniúchta san Oifig i 2012.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- cloítear le treoirlinte rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe thionscadail.

***Iniúchadh Inmheánach***

Is féidir liom deimhniú go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig Luachála, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Rinneadh cuid den fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú i 2012 chuig comhlacht cuntasóirí a thug tuairisc do Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí.

***Feabhsú an Rialaithe Inmheánaigh***

De réir aitheantas tuarascáil an Ghrúpa Oibre gur próiseas leanúnach é feabhsú na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais, táim ag leanúint orm leis an obair de bheith ag feabhsú na timpeallachta rialaithe le moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm go hiomlán agus le laigí a dhíbirt a tháinig chun cinn roimhe seo. Dá réir sin, tá cur síos déanta agam ar na bearta atá curtha i gcrích agam nó atá beartaithe maidir leis na heilimintí seo a leanas den chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais:

- Cuireadh i gcrích athbhreithniú Iniúchta Inmheánaigh amháin i 2012 agus faomhadh tuarascáil an iniúchta sin ag an gCoiste Iniúchta. Coimisiúnaíodh iniúchadh breise i 2012 agus cuirfear tús leis go luath i 2013. Scrúdóidh an t-iniúchadh sin na córais TE san Oifig.
- Cuireadh i gcrích agus faomhadh ag an gCoiste Iniúchta athbhreithniú ar na struchtúir agus na gnáthaimh bhainistithe riosca. Rinneadh clár na rioscaí a nuashonrú agus treisíodh na próisis le plé leis an riosca. Athbhreithnítear an clár ag an gCoiste Bainistíochta ar bhonn ráithiúil.
- Leanann an Oifig uirthi de bheith ag fostú cuntasóra ar bhonn páirtaimseartha le tacú leis na feidhmeanna cuntasaíochta san Oifig.
- Bhí gnáthaimh do réiteach rialta cistí iarrtha ón bPámháistir Ginearálta, íoctha trí bhogearraí párolla agus sannta do chóid chuntais ghinearálta bhainc mhórleabhair i bhfeidhm agus maoirsiú á dhéanamh orthu ag an gcuntasóir.
- Treisíodh na socruithe le cinntiú go gcloítear go hiomlán le riachtanais agus treoirlínte soláthair.
- Rinneadh socruithe le custaiméirí le glacadh le híocaíochtaí trí mheán ríomhaistrithe airgid.

Soláthraíodh oiliúint ábhartha don fhoireann a bhíonn ag obair sa réimse airgeadais agus leanfar ar aghaidh leis an oiliúint seo i 2013.

**John O’Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

27 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 16 An Oifig Luachála

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig Luachála**.** Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

11 Meán Fómhair 2013

# Vóta 16 An Oifig Luachála

# Cuntas Leithreasa 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim a soláthraíodh sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas ar Chlár** | | | | |
| A | Soláthar na seirbhíse luachála Stáit | 10,148 | 8,268 | 8,905 |
| B | Seirbhísí riaracháin don Bhinse Luachála | 574 | 617 | 654 |
| | **Ollchaiteachas** | **10,722** | **8,885** | **9,559** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí i gcabhair** | **2,174** | **1,254** | **2,427** |
| | **Glanchaiteachas** | **8,548** | **7,631** | **7,132** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le tabhairt suas | 916,648 | 1,075,653 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim a soláthraíodh sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 7,549 | 7,511 | 7,974 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 407 | 106 | 164 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 363 | 228 | 138 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 180 | 67 | 118 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 611 | 514 | 476 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 211 | 125 | 110 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 95 | 19 | 84 |
| | | 9,416 | 8,570 | 9,064 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar chlár | | 315 | 495 |
| Pá | | 7,511 | 7,974 |
| Neamhphá | | 1,059 | 1,090 |
| **Ollchaiteachas** | | **8,885** | **9,559** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **1,254** | **2,427** |
| **Glanchaiteachas** | | **7,631** | **7,132** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (63) | | |
| Dímheas | 272 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | | |
| | | 210 | 246 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (155) | (152) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 219 | | |
| Méadú ar stoc | (7) | | |
| | | 212 | 518 |
| **Caiteachas díreach** | | **7,898** | **7,744** |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 5,049 | 5,754 |
| **Costas iomlán oibriúcháin** | | **12,947** | **13,498** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 16 atá á n-iompar in áiteanna eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 3,661 | 3,920 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,388 | 1,834 |
| | 5,049 | 5,754 |

## 2 Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.3 | 474 | 534 |
| **Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt** | 2.4 | 21 | 16 |
| | | **495** | **550** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | — | 364 |
| Stoic | 2.6 | 45 | 38 |
| Réamhíocaíochtaí | | 154 | 152 |
| Ioncam fabhraithe | | 12 | 245 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 134 | 76 |
| Dlite ón Státchiste | 2.9 | 70 | — |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **415** | **875** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 33 | — |
| Costais fhabhraithe | | 72 | 61 |
| Ioncam Iarchurtha | | 80 | 103 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 171 | 199 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | — | 241 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **356** | **604** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 59 | 271 |
| **Glansócmhainní** | | **554** | **821** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cistiú ón Stát** | 2.1 | **554** | **821** |

| **2.1 Cuntas an Chistithe ón Stát** | **Nóta** | **2012**<br>**€000** | **2011**<br>**€000** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | | 821 | 1,333 |
| Cistiú tarraingthe anuas | 2.2 | 12,680 | 12,886 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin ar shócmhainní seasta | | — | 100 |
| Glanchostais an chláir | 1 | (12,947) | (13,498) |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig** | | **554** | **821** |

## 2.2 Cistiú a tarraingíodh anuas

| | Nóta | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Eisíocaíochtaí ón vóta | | | |
| Suim a soláthraíodh sna meastacháin | Cuntas | 8,548 | 8,208 |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (917) | (1,076) |
| | | 7,631 | 7,132 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh áit eile | 1 | 5,049 | 5,754 |
| **Cistiú iomlán a tarraingíodh anuas** | | **12,680** | **12,886** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh Oifige | Troscán agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail 1 Eanáir 2012 | 2,489 | 1,370 | 3,859 |
| Breiseanna | 211 | 2 | 213 |
| Diúscairtí | (64) | — | (64) |
| Costas nó luacháil amhail 31 Nollaig 2012 | 2,636 | 1,372 | 4,008 |
| | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail 1 Eanáir 2012 | 2,016 | 1,309 | 3,325 |
| Dímheas don bhliain | 251 | 21 | 272 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (63) | — | (63) |
| Dímheas carntha amhail 31 Nollaig 2012 | 2,204 | 1,330 | 3,534 |
| | | | |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2012** | 432 | 42 | 474 |
| | | | |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2011** | 473 | 61 | 534 |

## 2.4 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt

| at 31 December | Feidhmchláir ríomhaireachta intí |
|---|---|
| | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail 1 Eanáir 2012 | 16 |
| Aistrithe chuig sócmhainní caipitil | (150) |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 155 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail 31 Nollaig 2012 | 21 |

## 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| amhail 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim Oifig an Phámháistir Ghinearálta | (31) | 378 |
| Orduithe gan íoc | (2) | (14) |
| | (33) | 364 |

| **2.6 Stoic** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stoic inchaite na hOifige Luachála | 40 | 33 |
| Stoic inchaite an Bhinse Luachála | 5 | 5 |
| | 45 | 38 |

| **2.7 Iarmhéideanna eile dochair** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Míreanna dochair atá ar fionraí | 134 | 76 |

| **2.8 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 112 | 121 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 48 | 48 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 11 | 28 |
| Pinsin | — | (2) |
| | 171 | 195 |
| Asbhaintí párolla atá á gcoinneáil ar fionraí | — | 4 |
| | 171 | 199 |

| **2.9 Glandliteanas don/ (ón) Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 917 | 1,076 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (987) | (835) |
| Glandliteanas don/ (on) Státchiste | (70) | 241 |
| **Arna léiriú le** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | — | 364 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 134 | 76 |
| | 134 | 440 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (33) | — |
| Dlite don Stát | (171) | (195) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | — | (4) |
| | (204) | (199) |
| | (70) | 241 |

| **2.10 Ceangaltais** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 164 | 35 |

## 3 Caiteachas ar Chlár de réir Fo-mhírcheann

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Soláthar na Seirbhíse Luachála Stáit** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 7,208 | 7,209 | 7,643 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,867 | 1,059 | 1,090 |
| A.3 | Táillí a íocadh le habhcóidí agus costais dlí eile | 73 | — | 172 |
| A.4 | Tionscadail náisiúnta athluachála | 1,000 | — | — |
| | | 10,148 | 8,268 | 8,905 |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir leis an gclár €1,880,000 níos ísle ná an tsuim a soláthraíodh ar na cúiseanna seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 808 | Bhí caiteachas neamhphá níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis, mar gheall, den chuid is mó, ar an mbéim a leagadh ar athluacháil i mBaile Átha Cliath rud a d'fhág gur laghdaíodh an clár athbhreithnithe ar fud na tíre. |
| Táillí a íocadh le habhcóidí agus costais dlí eile | 73 | Ní bhíonn táillí dlí ann ach i gcás ina dtabhaíonn an Oifig dliteanas a thig as achomharc rathúil ar a luacháil agus má dhámhtar costais ina coinne. Ní raibh aon dliteanais den chineál sin ann in 2012. |
| Tionscadail náisiúnta athluachála | 1,000 | Bhí caiteachas ar thionscadail náisiúnta athluachála ar leith in 2012 ag brath ar achtú na reachtaíochta cumasúcháin. Níor achtaíodh reachtaíocht chumasúcháin i 2012 agus cuireadh foráil don mhéid chéanna faoin gceannteideal seo san áireamh i meastachán 2013. |

| | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim a soláthraíodh sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 341 | 302 | 331 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | — | — | — |
| B.3 | Binse Luachála – táillí, taisteal agus costais eile | 233 | 315 | 323 |
| | | 574 | 617 | 654 |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 25% amach ón tsuim a soláthraíodh. Níor chomhlíon aon toradh ar an vóta seo na critéir seo I 2012.

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí i gcabhair** | | **2012** | | **2011** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Táillí achomhairc leis an mBinse Luachála | 60 | 27 | 126 |
| 2. | Deimhnithe luachála | 158 | 155 | 139 |
| 3. | Táillí athbhreithnithe luachála | 1,270 | 600 | 1,377 |
| 4. | Táillí ó achomhairc chuig an gCoimisinéir | 165 | 1 | 233 |
| 5. | Fáltais ilghnéitheacha | 65 | 13 | 61 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 456 | 458 | 491 |
| | Iomlán | 2,174 | 1,254 | 2,427 |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann a raibh an toradh a bhain leis os cionn €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim mheasta, agus os cionn 5% amach ón tsuim mheasta.

| **Mírcheann** | **Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Táillí athbhreithnithe luachála | 670 | Bhí an t-ioncam cláir athbhreithnithe agus an t-ioncam táille athbhreithnithe gaolmhar níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis i 2012 mar gheall ar chomhchruinniú acmhainní ar an gclár athluachála (nach ngearrtar aon ioncam táille air) i mBaile Átha Cliath. |
| Táillí ó achomhairc chuig an gCoimisinéir | 164 | Bhí táillí achomhairc a thig as athbhreithniú níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis mar thoradh ar an laghdú ar an gclár athbhreithnithe in 2012.<br><br>Cuireadh an t-ioncam a fuarthas €27,000 ar ceal ag aisíocaíochtaí de €26,000 a eisíodh i dtaca le hachomhairc athluachála mar a leasaítear cé acu luach nó stádas liosta. |

**4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste**

Ní raibh aon fháltais bhreise sa bhliain 2012: (2011: €29,989)

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 131 | 144 |

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 6,925 | 7,375 |
| Liúntais i leith ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 115 | 130 |
| Ragobair | 25 | 27 |
| ÁSPC Fostóra | 446 | 442 |
| **Pá iomlán** | **7,511** | **7,974** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht le duine ar leith 2012 € | Uasíocaíocht le duine ar leith 2011 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 25 | 1 | 11,624 | 9,093 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 15 | — | 7,020 | 10,128 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Luach Saothair eile**

Rinneadh íocaíochtaí ar luach iomlán €1,540 chuig státseirbhíseach amháin a bhí ar scor a d'fheidhmigh mar bhall seachtrach ar choiste oifige agus ar bhord agallaimh araon.

# 6 Míreanna Ilghnéitheacha

Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe fiacha do-athfhála de €35,808 a díscríobh i 2012.